CCCSÉ
Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

# ‘Nuashonrú Bliantúil 2021 – Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann’

Is é seo an tuarascáil bhliantúil 2021 faoi Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP). I rith na bliana léirigh paindéim COVID-19 gur sócmhainn ríthábhachtach náisiúnta iad sonraí na hearnála poiblí agus léirigh sé go soiléir an luach a bhaineann le sonraí agus anailís sonraí chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise. I ngeall ar sin, tá ISSCoP ríthábhachtach maidir le rialachas agus cáilíocht Staidreamh Oifigiúil na hÉireann a neartú tuilleadh.

Tá sé de chúram ar an Stiúrthóireacht um Chomhordú Chórais Staidrimh na Príomh-Oifige Staidrimh an creat comhordúcháin is gá a chruthú a thacaíonn leis an gcóras staidrimh níos leithne, a chuideoidh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh a ceanglais náisiúnta (An tAcht Staidrimh, 1993) agus ceanglais reachtacha an AE (Rialachán arna Leasú (CE) 223/2009) a chomhlíonadh feasta. Le linn 2021, chuir an Stiúrthóireacht bealaí breise ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an chaoi a raibh an ISSCoP á chomhlíonadh ag tiomsaitheoirí Staidrimh Oifigiúil agus an Cód Cleachtais maidir le Staidreamh Eorpach á chomhlíonadh ag tiomsaitheoirí Staidrimh Eorpaigh.

Bhí comhoibriú suntasach idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i rith na bliana maidir le tiomantas do dhea-chleachtas i dtáirgeadh Staidrimh Oifigiúla faoi ISSCoP. Mhéadaíodh líon na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí a bhí rannpháirteach sa phróiseas ISSCoP ó 14 go 17, agus go luath i mí Eanáir 2022 ba í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tríú comhlacht seirbhíse poiblí ar bronnadh deimhniú ISSCoP air, i ndáil le staidreamh dramhaíola na hEorpa.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fuair sí arís i rith 2021 ó dhaoine ar fud na seirbhíse poiblí, maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an tionscnaimh shuntasaigh seo. Neartaíonn an tacaíocht seo Córas Staidrimh na hÉireann. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh feasta leis an gcomhoibriú seo lenár gcomhpháirtithe go léir.

Pádraig Dalton

Ard-Stiúrthóir

An Phríomh-Oifig Staidrimh